



---

*Uimhir 17 de 2015*

---

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA SCEIMHLITHEOIREACHTA)  
(LEASÚ), 2015**  
*[An tiontú oifigiúil]*

---

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Rialacháin
3. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht
4. Briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh
5. Earcaíocht don sceimhlitheoireacht
6. Oiliúint don sceimhlitheoireacht
7. Leasú ar alt 6(1)(a)(ii) den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 7(1) den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 44(2) den Phríomh-Acht
10. Sceidil a chur ag gabháil leis an bPríomh-Acht
11. Leasú ar Chuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
12. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

SCEIDEAL 1

TREOIRCHINNEADH 2008/919/CGB ón gCOMHAIRLE AN 28 SAMHAIN 2008 LENA LEASAÍTEAR  
TREOIRCHINNEADH 2002/475/CGB MAIDIR LEIS AN SCEIMHLITHEOIREACHT A CHOMHRAC

SCEIDEAL 2

COINBHINSIÚN CHOMHAIRLE NA hEORPA UM SCEIMHLITHEOIREACHT A CHOSC

[Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Airm Bhitheolaíoch, 2011 (Uimh. 13)  
Acht na nArm Ceimiceach, 1997 (Uimh. 28)  
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Uimh. 2)  
An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1976 (Uimh. 32)  
*Explosive Substances Act 1883* (46 & 47 Vic., c. 3)  
*Explosives Act 1875* (38 & 39 Vic., c.17)  
Acht na nArm Teine, 1925 (Uimh. 17)  
An tAcht um Shláidáil Mhuirí, 2004 (Uimh. 29)  
An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (Uimh. 9)



---

*Uimhir 17 de 2015*

---

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA SCEIMHLITHEOIREACHTA)  
(LEASÚ), 2015**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do thabhairt éifeacht do Threoirchinneadh 2008/919/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 lena leasaítear Treoirchinneadh 2002/475/CGB maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac<sup>1</sup>; do thabhairt éifeacht do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc, arna dhéanamh i Vársá, an 16 Bealtaine 2005; chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

*[1 Meitheamh 2015]*

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

1. San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005.

**Rialacháin**

2. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3:

“**3A.** (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin Acht seo is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Déanfar gach rialachán faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.”

**Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht**

3. Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht—

<sup>1</sup> I.O. Uimh. L330, 9.12.2008, lch 21.

A.3 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “Treoirchinneadh”:

“ciallaíonn ‘Treoirchinneadh’ Treoirchinneadh ón gComhairle 2002/475/CGB an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac<sup>2</sup>, a bhfuil an téacs de leagtha amach mar áis tagartha—

(a) i gCuid 1 de Sceideal 1, i gcás an téacs Gaeilge, agus

(b) i gCuid 2 de Sceideal 1, i gcás an téacs Béarla,

arna leasú le Treoirchinneadh 2008/919/CGB an 28 Samhain 2008 ón gComhairle lena leasaítear Treoirchinneadh 2002/475/CGB maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac<sup>3</sup>, a bhfuil an téacs Gaeilge de leagtha amach mar áis tagartha i Sceideal 1A;”

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “gníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht”:

“ciallaíonn ‘gníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht’, faoi réir fho-ailt (2) agus (3)—

(a) gníomh a dhéantar sa Stát nó lasmuigh de, ar gníomh é—

(i) ba chion a shonraítear i gCuid 2 de Sceideal 2, dá mba sa Stát a dhéanfaí é, agus

(ii) a dhéantar d’fhonn gabháil do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta,

(b) gníomh a dhéantar sa Stát nó lasmuigh de, ar gníomh é—

(i) ba chion a shonraítear i gCuid 3 de Sceideal 2, dá mba sa Stát a dhéanfaí é, agus

(ii) a dhéantar d’fhonn gabháil do ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta nó d’fhonn gníomh a dhéanamh ba chion faoi alt 21 nó 21A d’Acht 1939, dá mba sa Stát a dhéanfaí é,

(c) briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh,

(d) earcaíocht don sceimhlitheoireacht, nó

(e) oiliúint don sceimhlitheoireacht;”

(c) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘An Coinbhinsiún um Sceimhlitheoireacht a Chosc’ Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc, arna dhéanamh i Vársá, an 16 Bealtaine 2005, a bhfuil an téacs Gaeilge de leagtha amach mar áis tagartha i Sceideal 1B;

forléireofar ‘briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh’ de réir alt 4A;

<sup>2</sup> I.O. Uimh. L164, 22.6.2002, lch 3.

<sup>3</sup> I.O. Uimh. L330, 9.12.2008, lch 21.

forléireofar ‘earcaíocht don sceimhlitheoireacht’ de réir alt 4B;

forléireofar ‘oiliúint don sceimhlitheoireacht’ de réir alt 4C.”,

(d) tríd an alt sin (arna leasú le *míreanna (a), (b) agus (c)*) a ainmniú mar fho-alt (1), agus

(e) trí na fo-ailt seo a leanas a chur leis:

“(2) Féadfar gníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht a dhéanamh go hiomlán nó go páirteach trí mheán leictreonach.

(3) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht gníomh, ní gá cion faoi alt 6(1)(a), a mhéid a bhaineann an fhoráil sin le gníomhaíocht sceimhlitheoireachta, a bheith déanta iarbhir.”.

#### **Briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh**

4. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

“**4A.** Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, duine do dháileadh teachtaireachta go hintinneach ar an bpobal, nó do chur teachtaireacht ar fáil go hintinneach don phobal ar shlí eile, trí cibé meán cumarsáide, le hintinn duine a spreagadh, go díreach nó go neamhdhíreach, chun gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a dhéanamh.”.

#### **Earcaíocht don sceimhlitheoireacht**

5. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4A (a chuirtear isteach le *halt 4*):

“**4B.** Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn earcaíocht don sceimhlitheoireacht—

(a) duine eile a earcú go hintinneach—

(i) chun gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht sceimhlitheoireachta a dhéanamh,

(ii) chun gníomh a dhéanamh sa Stát nó lasmuigh de, ba chion faoi alt 6 d’Acht 1998, dá mba sa Stát a dhéanfaí é, nó

(iii) chun gníomh a dhéanamh sa Stát nó lasmuigh de, ba chion faoi alt 21 nó 21A d’Acht 1939, dá mba sa Stát a dhéanfaí é,

nó

(b) gníomh a dhéanamh go hintinneach sa Stát nó lasmuigh de, ba chion faoi alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976, dá mba sa Stát a dhéanfaí é.”.

#### **Oiliúint don sceimhlitheoireacht**

6. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4B (a chuirtear isteach le *halt 5*):

A.6 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

“4C. (1) Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn oiliúint don sceimhlitheoireacht teagasc nó oiliúint a sholáthar go hintinneach sna scileanna arb éard iad—

(a) na nithe seo a leanas a dhéanamh nó a úsáid, chun gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a dhéanamh, nó chun rannchuidiú lena déanamh—

(i) airm tine nó pléascáin,

(ii) ábhar núicléach,

(iii) airm bhitheolaíoch, airm cheimiceach nó airm thoirmiscithe, nó

(iv) cibé airm eile, nó substaintí urchóideacha nó guaiseacha eile, a fhéadfar a úsáid i ngníomhaíocht sceimhlitheoireachta agus a fhorordóidh an tAire,

nó

(b) cibé teicnící nó modhanna eile chun gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a dhéanamh, nó chun rannchuidiú lena déanamh, a fhorordóidh an tAire,

agus a fhios aige nó aici go mbeartaítear go n-úsáidfidh duine a bheidh ag fáil an teagasc nó na hoiliúna na scileanna arna soláthar chun gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a dhéanamh, nó chun rannchuidiú lena déanamh.

(2) Féadfaidh an tAire, más cúí leis nó léi déanamh amhlaidh, rialacháin a dhéanamh chun críocha fho-alt (1) agus—

(a) sula ndéanfaidh sé nó sí na rialacháin sin, rachaidh sé nó sí i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, leis an Aire Cosanta agus le cibé Aire eile den Rialtas is cúí leis an Aire ag féachaint do na hairm, do na substaintí, do na teicnící nó do na modhanna lena mbaineann, agus

(b) le linn dó nó di na rialacháin sin a dhéanamh, beidh aird aige nó aici ar an méid seo a leanas:

(i) cumas an airm, na substainte, na teicníce nó an mhodha lena mbaineann bás a thabhairt nó mórdhíobháil coirp a dhéanamh do dhaoine nó damáiste ábhartha substaintiúil a dhéanamh do mhaoin;

(ii) an cumas atá ann chun an t-arm, an tsubstaint, an teicníc nó an modh lena mbaineann a úsáid chun críocha gníomhaíocht sceimhlitheoireachta agus a dhóchúla atá sé go n-úsáidfí amhlaidh é nó í;

(iii) a mhéid atá gá le teagasc nó le hoiliúint—

(I) le linn an t-arm nó an tsubstaint lena mbaineann a dhéanamh nó a úsáid, nó

(II) le linn an teicníc nó an modh lena mbaineann a úsáid,

chun an t-arm, an tsubstaint, an teicníc nó an modh sin a dhéanamh nó a úsáid, de réir mar a bheidh, chun gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a dhéanamh, nó chun rannchuidiú lena déanamh.

(3) San alt seo—

tá le ‘arm bitheolaíoch’ agus le ‘arm toirmisce’ na bríonna céanna atá leo san Acht um Airm Bhitheolaíocha, 2011;

tá le ‘airm cheimiceacha’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 d’Acht na nArm Ceimiceach, 1997;

ciallaíonn ‘pléascán’ pléascán de réir bhrí an *Explosives Act, 1875* agus aon substaint nó rud eile is substaint phléascach de réir bhrí an *Explosive Substances Act, 1883*;

tá le ‘arm tine’ an bhrí chéanna atá le “arm teine” in alt 1 d’Acht na nArm Teine, 1925;

tá le ‘ábhar núicléach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991.”.

**Leasú ar alt 6(1)(a)(ii) den Phríomh-Acht**

7. Leasaítear alt 6(1)(a)(ii) den Phríomh-Acht trí “seachas briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh,” a chur isteach i ndiaidh “do ghníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht,”.

**Leasú ar alt 7(1) den Phríomh-Acht.**

8. Leasaítear alt 7(1) den Phríomh-Acht—

(a) i mír (d), trí “téarma uasta príosúnachta is giorra ná 10 mbliana ina leith a chur ar dhuine láninniúil nár ciontaíodh roimhe sin,” a chur in ionad “téarma uasta príosúnachta is giorra ná 10 mbliana ina leith a chur ar dhuine láninniúil nár ciontaíodh roimhe sin.”, agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur leis:

“(e) i gcás cion ar gníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht é agus dá dtagraítear—

(i) i mír (c) den mhíniú in alt 4 ar ‘gníomhaíocht atá nasctha leis an sceimhlitheoireacht’—

(I) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(II) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

(ii) i mír (d) den mhíniú sin, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(iii) i mír (e) den mhíniú sin, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

A.8 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

**Leasú ar alt 44(2) den Phríomh-Acht**

9. Leasaítear alt 44(2) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) i ndáil le cion arna dhéanamh lasmuigh den Stát—

- (i) aon deimhniú atá sínithe ag oifigeach don Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ina luaitear gur eisigh an tAire sin den Rialtas pas do dhuine ar dháta sonraithe, agus
- (ii) aon deimhniú atá sínithe ag oifigeach don Aire agus ina luaitear, de réir mar is fearr is eol don oifigeach agus mar a chreideann sé nó sí, nár scoir an duine de bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach,

is fianaise é go raibh an duine ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach ar an dáta a líomhnaítear go ndearnadh an cion lena mbaineann, mura suítear a mhalairt.”

**Sceidil a chur ag gabháil leis an bPríomh-Acht**

10. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) trí Sceideal 1A mar atá leagtha amach i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach i ndiaidh Sceideal 1, agus
- (b) trí Sceideal 1B mar atá leagtha amach i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach i ndiaidh Sceideal 1A (a chuirtear isteach le mír (a)).

**Leasú ar Chuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht**

11. Leasaítear Cuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 7:

“*Cionta a bhaineann le loingseoireacht mhuirí agus le hardáin fhosaitheacha atá suite ar an scairbh ilchríochach.*

7A. Aon chion faoi alt 2 den Acht um Shlándaíl Mhuirí, 2004.”

(b) i mír 10, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur léi:

“(f) alt 2 den Acht um Airm Bhitheolaíoch, 2011 (airm bhitheolaíoch a fhorbairt, etc.)”,

agus

(c) i mír 11—

(i) i bhfomhír (c), trí “(cionta i gcoinne daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta);” a chur in ionad “(cionta i gcoinne daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta).”, agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur léi:

“(d) alt 13 (cion arb éard é maoiniú sceimhlitheoireachta).”



[2015.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [Uimh. 17.]

**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

- 12.** (1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na hAchtanna um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 agus 2015 a ghairm den Phríomh-Acht agus den Acht seo le chéile.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh seachtain amháin tar éis lá a rite.

[Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta)* [2015.]  
(Leasú), 2015

Alt 10

#### SCEIDEAL 1

**TREOIRCHINNEADH 2008/919/CGB ÓN gCOMHAIRLE AN 28 SAMHAIN 2008 LENA LEASAÍTEAR  
TREOIRCHINNEADH 2002/475/CGB MAIDIR LEIS AN SCEIMHLITHEOIREACHT A CHOMHRAC**

“SCEIDEAL 1A

#### **TREOIRCHINNEADH 2008/919/CGB ÓN gCOMHAIRLE**

**an 28 Samhain 2008**

**lena leasaítear Treoirchinneadh 2002/475/CGB maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac**

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29, Airteagal 31(1)(e) agus Airteagal 34(2)(b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa<sup>1</sup>,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá an sceimhlitheoireacht ar cheann de na sárúithe is tromchúisí ar na luachanna uilechoiteanna arb éard iad dínit an duine, an tsaoirse, an comhionannas agus an dlúthpháirtíocht, an urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe. Tá sí ar cheann de na hionsaithe is tromchúisí freisin ar an daonlathas agus ar an riail dlí, prionsabail is coiteann do na Ballstáit agus ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe.
- (2) Is Treoirchinneadh 2002/475/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac<sup>2</sup> atá ina bhonn le beartas frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh. Cumasaíodh, trí chreat dlíthiúil is coiteann do na Ballstáit go léir, agus go háirithe trí mhíniú comhchuibhithe ar chionta sceimhlitheoireachta, a ghnóthú, do bheartas frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh forbairt agus leathnú, faoi réir cearta bunúsacha agus an riail dlí a urramú.
- (3) Tá bagairt na sceimhlitheoireachta tar éis fás agus teacht chun cinn go gasta le blianta beaga anuas, agus athruithe tagtha ar fás agus *modus operandi* ghníomhaithe agus thacadóirí na sceimhlitheoireachta lena n-áirítear cealla leathuathrialacha a bhíonn ceangailte go scaoilte lena chéile a chur in ionad grúpaí struchtúrtha agus céimlathacha. Déanann na cealla sin gréasáin idirnáisiúnta a idirnascadh agus téann siad ar iontaoibh mhéadaitheach úsáid teicneolaíochtaí nua, go háirithe an tIdirlíon.
- (4) Úsáidtear an tIdirlíon chun gréasáin áitiúla sceimhlitheoireachta agus pearsana aonair san Eoraip a spreagadh agus a shlógadh agus fónann sé freisin mar fhoinsé faisnéise maidir le meán agus modhanna sceimhlitheoireachta, agus feidhmíonn sé mar ‘campa fíorúil oiliúna’ ar an tslí sin. Tá méadú mór tar éis

<sup>1</sup> Níor foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil.

<sup>2</sup> I.O. Uimh. L164, 22.6.2002, lch 3.

teacht ar líon na ngníomhaíochtaí i dtaobh briogadh poiblí chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh, ar an earcaíocht don sceimhlitheoireacht agus ar an oiliúint don sceimhlitheoireacht ar chostas agus ar phriacal atá an-íseal.

- (5) Léirítear le Clár na Háige maidir le saoirse, slándáil agus ceartas a neartú san Aontas Eorpach, arna ghlacadh ag an gChomhairle Eorpach an 5 Samhain 2004, gur gá, chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac go héifeachtach i gcomhlíonadh iomlán ceart bunúsach, nach ndéanfaidh na Ballstáit a ngníomhaíochtaí a theorannú dá slándáil féin a chothabháil ach go ndíreoidh siad freisin ar shlándáil an Aontais ina iomláine.
- (6) Meabhraítear leis an bPlean Gníomhaíochta ón gComhairle agus ón gCoimisiún lena gcuirtear Clár na Háige maidir le saoirse, slándáil agus ceartas a neartú san Aontas Eorpach<sup>3</sup> i ngníomh go bhfuil gá le freagra domhanda chun aghaidh a thabhairt ar an sceimhlitheoireacht agus nach féidir neamhaird a thabhairt ar na hionchais atá ag saoránaigh i dtaobh an Aontais, ná nach féidir leis an Aontas mainneachtain freagra a thabhairt orthu. Ina theannta sin, luaitear ann nach foláir aird a dhíriú ar ghnéithe éagsúla den chosc, den ullmhacht agus den fhreagairt chun tuilleadh feabhais a chur ar chumais na mBallstát an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus, más gá chun an céanna a chomhlánú, díriú go háirithe ar earcaíocht, ar mhaoiniú, ar anailís priacal, ar bhonneagair ríthábhachtacha a chosaint agus ar bhainistíocht iarmharta.
- (7) Déantar foráil leis an Treoirchinneadh seo maidir le cionta atá nasctha le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a choiriúlú chun rannchuidiú leis an gcuspóir beartais ginearálta arb éard é an sceimhlitheoireacht a chosc trí scaipeadh na n-ábhar sin a laghdú, is ábhair lena bhféadfaí daoine a ghríosú chun ionsaithe sceimhlitheoireachta a dhéanamh.
- (8) Iarrtar le Rún 1624 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar na Stáit bearta is gá agus is cuí, agus atá de réir a n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, a dhéanamh chun toirmeasc a chur, le dlí, ar ghríosú chun gníomh sceimhlitheoireachta nó gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus chun an t-iompar sin a chosc. I dtuarascáil Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, ‘Ag aontú i gcoinne na sceimhlitheoireachta: moltaí le haghaidh straitéis frithsceimhlitheoireachta dhomhanda’, an 27 Aibreán 2006, léirítear an Rún thuasluaite mar Rún lena ndéantar foráil maidir le bonn ar a ndéanfar an gríosú chun gníomhartha sceimhlitheoireachta, agus an earcaíocht, lena n-áirítear earcaíocht tríd an Idirlíon, a choiriúlú. Luaitear i Straitéis Frithsceimhlitheoireachta Dhomhanda na Náisiún Aontaithe, an 8 Meán Fómhair 2006, go bhfuil beartaithe, le rún, ag Ballstáit NA bealaí agus modhanna a iniúchadh chun iarrachtaí a chomhordú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun cur in aghaidh na sceimhlitheoireachta den uile chineál agus den uile shaghas ar an Idirlíon.
- (9) Bunaítear le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc oibleagáidí na Stát is páirtithe ann chun coiriúlú a dhéanamh ar an mbriogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus ar an earcaíocht agus ar an oiliúint don sceimhlitheoireacht, nuair a dhéantar go neamhdhleathach agus go hintinneach iad.

<sup>3</sup> I.O. Uimh. C198, 12.8.2005, lch 1.

Sc.1 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

- (10) Is cóir an míniú ar chionta sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear cionta atá nasctha le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, a chomhfhogasú tuilleadh sna Ballstáit go léir, ionas go gcumhdóidh sé briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, earcaíocht don sceimhlitheoireacht agus oiliúint don sceimhlitheoireacht, nuair a dhéantar go hintinneach iad.
- (11) Is cóir pionóis a leagan síos i leith daoine nádúrtha a mbeidh cionta sceimhlitheoireachta déanta go hintinneach acu nó i leith daoine dlítheanacha a bheidh arna gcur faoi dhliteanas i leith briogadh poiblí chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh, i leith earcaíocht don sceimhlitheoireacht agus oiliúint don sceimhlitheoireacht. Is cóir na saghsanna iompair sin a bheith inphionóis go cothrom sna Ballstáit go léir, is cuma cé acu a dhéantar nó nach ndéantar tríd an Idirlíon iad.
- (12) Toisc nach féidir leis na Ballstáit, agus iad ag gníomhú go haontaobhach, cuspóirí an Treoirchinnidh seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir, mar sin, mar gheall ar an ngá atá le rialacha comhchuibhithe uile-Eorpacha, iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, de réir phrionsabal na coimhdeachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 de Chonradh CE agus dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chonradh AE. De réir phrionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 de Chonradh CE, ní théann an Treoirchinneadh seo thar a bhfuil riachtanach d'fhonn na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (13) Comhlíonann an tAontas na prionsabail a aithnítear le hAirteagal 6(2) de Chonradh AE agus atá ar áireamh sa Chairt um Chearta Bunúsacha den Aontas Eorpach, go háirithe i gCaibidlí II agus VI di. Ní ceadmhach aon ní sa Treoirchinneadh seo a léiriú mar ní lena mbeartaítear cearta bunúsacha nó saoirsí bunúsacha a laghdú nó a shrianadh amhail an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhthionóil nó an tsaoirse comhlachais, agus an ceart go n-urramófar an saol príobháideach agus an saol teaghlaigh, lena n-áirítear an ceart go ndéanfar rúndacht comhfhreagrais a urramú.
- (14) Is coireanna intinneacha iad briogadh poiblí chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh, earcaíocht don sceimhlitheoireacht agus oiliúint don sceimhlitheoireacht. Mar sin, ní ceadmhach aon ní sa Treoirchinneadh seo a léiriú mar ní lena mbeartaítear scaipeadh faisnéise chun críocha eolaíoch, acadúla nó tuairiscithe a laghdú nó a shrianadh. Ní thagann nochtadh tuairimí radacacha, poileimiciúla ná conspóideacha le linn díospóireacht phoiblí ar cheisteanna polaitiúla íogaire, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, faoi réim an Treoirchinnidh seo agus, go háirithe, ní thagann sé faoi réim an mhínithe ar bhriogadh poiblí chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh.
- (15) Maidir leis an bpróiseas coiriúlaithe a chur i ngníomh faoin Treoirchinneadh seo, is cóir é a bheith comhréireach le cineál agus le himthosca an chionta, maidir leis na haidhmeanna dlisteanacha atá á saothrú agus leis an ngá atá leo i sochaí dhaonlathach, agus is cóir aon chineál treallachais nó idirdhealaithe a bheith eisiata as,

TAR ÉIS AN TREOIRCHINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasófar Treoirchinneadh 2002/475/CGB mar a leanas:

1. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

*Airteagal 3*

**Cionta atá nasctha le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta**

1. Chun críocha an Treoirchinnidh seo:

- (a) ciallóidh “briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh” teachtaireacht a dháileadh ar an bpobal, nó a chur ar fáil don phobal ar shlí eile, le hintinn déanamh ceann de na cionta atá liostaithe in Airteagal 1(1)(a) go (h) a ghríosú, i gcás go mbeidh an t-iompar sin, cibé acu a bheidh nó nach mbeidh cionta sceimhlitheoireachta á moladh go díreach leis, ina chúis le contúirt go bhféadfar ceann amháin nó níos mó de na cionta sin a dhéanamh;
- (b) ciallóidh “earcaíocht don sceimhlitheoireacht” a shireadh ar dhuine eile ceann de na cionta atá liostaithe in Airteagal 1(1)(a) go (h), nó in Airteagal 2(2) a dhéanamh;
- (c) ciallóidh “oiliúint don sceimhlitheoireacht” teagasc a sholáthar maidir le déanamh nó le húsáid pléascán, arm tine nó arm eile nó substaintí urchóideacha nó guaiseacha, nó maidir le modhanna nó teicnící sonracha eile, chun ceann de na cionta atá liostaithe in Airteagal 1(1)(a) go (h) a dhéanamh, agus a fhios ag an duine go mbeartaítear na scileanna arna soláthar a úsáid chun na críche sin.

2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a chinntiú go bhfolaíonn cionta atá nasctha le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta na gníomhartha intinneacha seo a leanas:

- (a) briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh;
- (b) earcaíocht don sceimhlitheoireacht;
- (c) oiliúint don sceimhlitheoireacht;
- (d) tromghoid d’fhonn ceann de na cionta atá liostaithe in Airteagal 1(1) a dhéanamh;
- (e) sracadh d’fhonn ceann de na cionta atá liostaithe in Airteagal 1(1) a chur i gcrích;
- (f) doiciméid riaracháin bhréagacha a tharraingt suas d’fhonn ceann de na cionta atá liostaithe in Airteagal 1(1)(a) go (h) agus in Airteagal 2(2)(b) a dhéanamh.

Sc.1 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

3. Chun go mbeidh gníomh mar atá leagtha amach i mír 2 inphionóis, ní gá cion sceimhlitheoireachta a bheith déanta iarbhír.'

2. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*'Airteagal 4*

**Cabhrú nó neartú, gríosú agus iarracht a dhéanamh**

1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a chinntiú gurb inphionóis cabhrú nó neartú le cion dá dtagraítear in Airteagal (1)(1), Airteagal 2 nó Airteagal 3.
2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a chinntiú gurb inphionóis gríosú chun cion dá dtagraítear in Airteagal 1(1), Airteagal 2 nó Airteagal 3(2)(d) go (f) a dhéanamh.
3. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a chinntiú gurb inphionóis iarracht a dhéanamh ar chion dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus Airteagal 3(2)(d) go (f) a dhéanamh, cé is moite de shealbhú dá bhforáiltear in Airteagal 1(1)(f) agus den chion dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(i).
4. Féadfaidh gach Ballstát breith a thabhairt na bearta is gá a dhéanamh chun a chinntiú gurb inphionóis iarracht a dhéanamh ar chion dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b) agus (c) a dhéanamh.'

*Airteagal 2*

**Prionsabail bhunúsacha a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh**

Ní bheidh d'éifeacht ag an Treoirchinneadh seo a cheangal ar Bhallstáit bearta a dhéanamh a bheidh i gcontráthacht le prionsabail bhunúsacha a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh, go háirithe saoirse an phreasa agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile mar a leanann siad as traidisiúin bhunreachtúla nó as rialacha lena rialaítear cearta agus freagrachtaí an phreasa nó meán eile, agus ráthaíochtaí nóis imeachta don chéanna, i gcás go mbainfidh na rialacha sin le dliteanas a chinneadh nó a theorannú.

*Airteagal 3*

**Cur i ngníomh agus tuarascáil**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoirchinneadh seo a chomhlíonadh faoin 9 Nollaig 2010. Le linn chur i ngníomh an Treoirchinneadh seo, cinnteoidh na Ballstáit go mbeidh an próiseas coiriúlaithe comhréiritheach leis na haidhmeanna dlisteanacha atá á saothrú agus a bhfuil gá leo i sochaí dhaonlathach agus go mbeidh aon chineál treallachais agus idirdhealaithe eisiata as.
2. Faoin 9 Nollaig 2010, cuirfidh na Ballstáit ar aghaidh chuig Ard-Rúnaíocht na Comhairle agus chuig an gCoimisiún téacs na bhforálacha lena dtrasuitear ina ndlí náisiúnta na hoibleagáidí arna bhforchur orthu faoin Treoirchinneadh seo. Ar bhonn tuarascáil arna tarraingt suas ón bhfaisnéis sin agus tuarascáil ón gCoimisiún, measúnóidh an Chomhairle, faoin 9 Nollaig 2011, cibé acu atá nó nach bhfuil na bearta is gá déanta ag na Ballstáit chun an Treoirchinneadh seo a chomhlíonadh.

[2015.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) [Uimh. 17.]* Sc.1  
(Leasú), 2015

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoirchinneadh seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2008.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. ALLIOT-MARIE”.

[Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

Alt 10

## SCEIDEAL 2

### COINBHINSIÚN CHOMHAIRLE NA hEORPA UM SCEIMHLITHEOIREACHT A CHOSC

#### “SCEIDEAL 1B

##### *AN COINBHINSIÚN UM SCEIMHLITHEOIREACHT A CHOSC*

Tá Ballstáit Chomhairle na hEorpa agus na Sínteoirí eile leis seo,

Á bhreithniú dóibh gurb í aidhm Chomhairle na hEorpa aontacht níos mó a bhaint amach i measc a cuid ball;

Á aithint dóibh an luach a bhaineann le comhar leis na Páirtithe eile sa Choinbhinsiún seo a athneartú;

Ós mian leo bearta éifeachtacha a dhéanamh chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus chun cur in aghaidh, go háirithe, briogadh poiblí chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus earcaíocht agus oiliúint don sceimhlitheoireacht;

Ós feasach dóibh an inní thromchúiseach arb é an méadú ar líon na gcionta sceimhlitheoireachta agus an bhagairt mhéadaitheach sceimhlitheoireachta is cúis léi;

Ós feasach dóibh an staid neamhchinnte ina bhfuil na daoine sin atá ag fulaingt de dheasca na sceimhlitheoireachta, agus i dtaca leis sin á athdhearbhú dóibh a ndlúthpháirtíocht dhomhain le híospartaigh na sceimhlitheoireachta agus lena dteaghlaigh;

Á aithint dóibh nach bhfuil cionta sceimhlitheoireachta ná na cionta atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo, ag cibé duine a dhéanfadh iad, inchosanta in aon imthosca trí chúinsí de chineál polaitiúil, fealsúnach, idé-eolaíoch, cine, eitneach, creidimh ná de chineál eile dá samhail agus, á mheabhrú dóibh oibleagáid na bPáirtithe go léir chun na cionta sin a chosc agus, mura gcoiscfear iad, chun ionchúiseamh a dhéanamh agus a chinntiú go mbeidh siad inphionóis trí phionóis lena ndéantar cineál tromchúiseach na gcionta a chur i gcuntas;

Á mheabhrú dóibh an gá atá ann an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta a neartú agus á athdhearbhú dóibh gur gá go ndéanfar leis na bearta go léir arna ndéanamh chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc nó a dhíchur an riail dlí agus luachanna daonlathacha, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú mar aon le forálacha eile den dlí idirnáisiúnta, lena ndéantar, más infheidhme, an dlí daonchairdiúil idirnáisiúnta;

Á aithint dóibh nach mbeartaítear leis an gCoinbhinsiún seo difear a dhéanamh do phrionsabail bhunaithe a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse comhlachais;

Á mheabhrú dóibh gurb é is cuspóir do ghníomhartha sceimhlitheoireachta mar gheall ar a gcineál nó ar a gcomhthéacs imeaglú mór a dhéanamh ar phobal nó iallach míchuí a chur ar rialtas nó ar eagraíocht idirnáisiúnta aon ghníomh a dhéanamh nó staonadh ó aon ghníomh a dhéanamh nó na struchtúir bhunúsacha pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíocha nó shóisialta de chuid tíre nó eagraíocht idirnáisiúnta a dhíchobhsú go mór nó a scriosadh,



Tar éis comhaontú mar a leanas:

#### **Airteagal 1 – Téarmaíocht**

- 1 Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn ‘cion sceimhlitheoireachta’ aon cheann de na cionta a thagann faoi réim ceann de na conarthaí, agus mar a mhínítear i gceann de na conarthaí, atá liostaithe san Fhoscríbhinn.
- 2 Ar a ionstraim daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais a thaisceadh, féadfaidh Stát nó an Comhphobal Eorpach nach páirtí i gconradh atá liostaithe san Fhoscríbhinn a dhearbú, i gcur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo i leith an Pháirtí lena mbaineann, go measfar nach n-áireofar an conradh sin san Fhoscríbhinn. Scoirfidh an dearbhú seo d’éifeacht a bheith leis a luaithe a thiocfaidh an conradh i bhfeidhm maidir leis an bPáirtí a mbeidh dearbhú den sórt sin déanta aige, agus tabharfaidh an Páirtí fógra d’Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa maidir leis an teacht i bhfeidhm sin.

#### **Airteagal 2 – Cuspóir**

Is é is cuspóir don Choinbhinsiún láithreach feabhas a chur ar iarrachtaí Páirtithe chun cosc a chur leis an sceimhlitheoireacht agus leis na droch-éifeachtaí a bhíonn aici ar theachtadh iomlán chearta an duine, go háirithe an ceart chun na beatha, trí bhearta a bheidh le déanamh ar an leibhéal náisiúnta agus trí chomhar idirnáisiúnta, ag féachaint go cuí do na conarthaí nó do na comhaontuithe infheidhme iltaobhacha nó déthaobhacha atá i bhfeidhm idir na Páirtithe faoi láthair.

#### **Airteagal 3 – Beartais náisiúnta um chosc**

- 1 Déanfaidh gach Páirtí bearta cuí, go háirithe i réimse na hoiliúna le haghaidh údaráis forfheidhmithe dlí agus comhlachtaí eile, agus i réimsí an oideachais, an chultúir, na faisnéise agus na meán agus i réimse múscailte na feasachta poiblí, d’fhonn cionta sceimhlitheoireachta agus na droch-éifeachtaí a bhíonn acu a chosc, ach oibleagáidí chearta an duine a urramú mar atá leagtha amach, más infheidhme i leith an Pháirtí sin, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, sa Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitiúla, agus oibleagáidí eile faoin dlí idirnáisiúnta.
- 2 Déanfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun an comhar i measc údaráis náisiúnta a fheabhsú agus a fhorbairt d’fhonn cionta sceimhlitheoireachta agus na droch-éifeachtaí a bhíonn acu a chosc trí, *inter alia*:
  - a faisnéis a mhalartú;
  - b cosaint fhisiciúil daoine agus saoráidí a fheabhsú;
  - c forfheabhas a chur ar phleananna oiliúna agus comhordaithe le haghaidh éigeandálaí sibhialta.
- 3 Cuirfidh gach Páirtí an chaoimhulaingt chun cinn trí idirphlé idirchreidimh agus traschultúir a spreagadh a mbeidh, más cuí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gnéithe eile den tsochaí shibhialta ag gabháil dó, d’fhonn teannais a d’fhéadfadh rannchuidiú le déanamh cionta sceimhlitheoireachta a chosc.
- 4 Féachfaidh gach Páirtí le feasacht phoiblí a chur chun cinn maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus maidir leis na cionta atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo a

Sc.2 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

bheith ann, maidir leis na cúiseanna atá leo agus a thromchúisí atá siad agus maidir leis an mbagairt a bhaineann leo agus teilgfidh sé an pobal a spreagadh chun cuidiú sonrach, fíorasach a sholáthar dá údaráis inniúla a fhéadfaidh rannchuidiú le cionta sceimhlitheoireachta atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo a chosc.

#### **Airteagal 4 - Comhar idirnáisiúnta maidir le cosc**

Déanfaidh Páirtithe, de réir mar is cuí agus ag féachaint go cuí dá gcumais, cúnaimh a thabhairt dá chéile agus tacú lena chéile d'fhonn feabhas a chur ar a gcumas chun déanamh cionta sceimhlitheoireachta a chosc, lena n-áirítear trí fhaisnéis agus trí dhea-chleachtais a mhalartú, i dteannta trí oiliúint agus iarrachtaí comhpháirteacha eile de chineál coiscitheach.

#### **Airteagal 5 – Briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh**

1 Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn “briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh” teachtaireacht a dháileadh ar an bpobal, nó a chur ar fáil don phobal ar shlí eile, le hintinn déanamh cionta sceimhlitheoireachta a ghríosú, i gcás go mbeidh an t-iompar sin, cibé acu a bheidh nó nach mbeidh cionta sceimhlitheoireachta á moladh go díreach leis, ina chúis le baol go bhféadfar ceann amháin nó níos mó de na cionta sin a dhéanamh.

2 Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun go ndéanfar briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, mar a mhínítear i mír 1, nuair a dhéantar go neamhdhleathach agus go hintinneach é, a bhunú mar chion coiriúil faoina dhlí baile.

#### **Airteagal 6 – Earcaíocht don sceimhlitheoireacht**

1 Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn “earcaíocht don sceimhlitheoireacht” a shireadh ar dhuine eile cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó a bheith rannpháirteach i gcion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, nó a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de chomhlachas nó de ghrúpa, chun rannchuidiú le déanamh cionta sceimhlitheoireachta amháin nó níos mó ag an gcomhlachas nó ag an ngrúpa.

2 Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun go ndéanfar earcaíocht don sceimhlitheoireacht, mar a mhínítear i mír 1, nuair a dhéantar go neamhdhleathach agus go hintinneach é, a bhunú mar chion coiriúil faoina dhlí baile.

#### **Airteagal 7 – Oiliúint don sceimhlitheoireacht**

1 Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn “oiliúint don sceimhlitheoireacht” teagasc a sholáthar maidir le déanamh nó le húsáid pléascán, arm tine nó arm eile nó substaintí urchóideacha nó guaiseacha, nó maidir le modhanna nó teicnící sonracha eile, chun cion sceimhlitheoireachta a chur i gcrích nó chun rannchuidiú le cion sceimhlitheoireachta a chur i gcrích, agus a fhios ag an duine go mbeartaítear na scileanna arna soláthar a úsáid chun na críche sin.

2 Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun go ndéanfar oiliúint don sceimhlitheoireacht, mar a mhínítear i mír 1, nuair a dhéantar go neamhdhleathach agus go hintinneach í, a bhunú mar chion coiriúil faoina dhlí baile.

**Airteagal 8 – Neamhábharthacht maidir le cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh**

Ionas gurb ionann gníomh agus cion atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 den Choinbhinsiún seo, ní gá cion sceimhlitheoireachta a bheith déanta iarbhír.

**Airteagal 9 – Cionta coimhdeacha**

1 Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun na gníomhartha seo a leanas a bhunú mar chion coiriúil faoina dhlí baile:

- a A bheith rannpháirteach mar chomhchoirí i gcion mar atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 den Choinbhinsiún seo;
- b Daoine eile a eagrú nó a ordú chun cion a dhéanamh mar atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 den Choinbhinsiún seo;
- c Rannchuidiú le déanamh ciona amháin nó níos mó mar atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 den Choinbhinsiún seo ag grúpa daoine, ag gníomhú dóibh le comhchuspóir. Rannchuidiú intinneach a bheidh sa rannchuidiú sin agus déanfar é:

i agus é mar aidhm leis an rannchuidiú gníomhaíocht choiriúil nó cuspóir coiriúil an ghrúpa a chur chun cinn, i gcás gurb é atá i gceist leis an ngníomhaíocht sin nó leis an gcuspóir sin cion a dhéanamh mar atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 den Choinbhinsiún seo; nó

ii agus an duine ar an eolas é a bheith ar intinn ag an ngrúpa cion a dhéanamh mar atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 den Choinbhinsiún seo.

2 Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá freisin chun an iarracht ar chion a dhéanamh mar atá leagtha amach in Airteagail 6 agus 7 den Choinbhinsiún seo a bhunú mar chion coiriúil faoina dhlí baile agus dé réir a dhlí baile.

**Airteagal 10 – Dlíteanas eintiteas dlíthiúil**

1 Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá, de réir a phrionsabal dlíthiúil, chun dlíteanas eintiteas dlíthiúil a shuíomh i leith rannpháirteachas sna cionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo.

2 Faoi réir phrionsabail dhlíthiúla an Pháirtí, féadfaidh dlíteanas eintiteas dlíthiúil a bheith ina dhlíteanas coiriúil, sibhialta nó riaracháin.

3 Ní dochar an dlíteanas sin do dhlíteanas coiriúil na ndaoine nádúrtha a mbeidh na cionta déanta acu.

**Airteagal 11 – Smachtbhannaí agus bearta**

1 Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun go mbeidh na cionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo inphionóis le pionóis éifeachtacha, chomhréiritheacha agus athchomhairleacha.

2 Féadfar ciontuithé críochnaitheacha a fógraíodh roimhe sin a chur i gcuntas i Stáit choigríche i leith cionta atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo, a mhéid a cheadaítear é leis an dlí baile, chun an phianbhreith a chinneadh de réir an dlí baile.

Sc.2 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

3 Cinnteoidh gach Páirtí go mbeidh eintitis dhlíthiúla arna gcur faoi dhliteanas de réir Airteagal 10 faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréiritheacha agus athchomhairleacha, coiriúil nó neamhchoiriúil, lena n-áirítear smachtbhannaí airgeadaíochta.

#### **Airteagal 12 – Coinníollacha agus cosaintí**

1 Cinnteoidh gach Páirtí go ndéanfar bunú, cur i ngníomh agus cur chun feidhme an phróisis coiriúlaithe faoi Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo a chur i gcrích ach oibleagáidí chearta an duine, go háirithe an ceart chun saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhlachais agus saoirse creidimh, a urramú, mar atá leagtha amach, más infheidhme i leith an Pháirtí sin, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, sa Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitiúla, agus in oibleagáidí eile faoin dlí idirnáisiúnta.

2 Is cóir bunú, cur i ngníomh agus cur chun feidhme an phróisis coiriúlaithe faoi Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo a bheith faoi réir phrionsabal na comhréireachta thairis sin, maidir leis na haidhmeanna dlisteanacha atá á saothrú agus leis an ngá atá leo i sochaí dhaonlathach, agus is cóir aon chineál treallachais nó córa idirdhealaithe nó ciníche a bheith eisíata as sin.

#### **Airteagal 13 – Cosaint, cúiteamh agus tacaíocht d'íospartaigh sceimhlitheoireachta**

Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun íospartaigh sceimhlitheoireachta a bheidh déanta laistigh dá chríoch féin a chosaint agus chun tacú leo. Féadfar a áireamh sna bearta seo, trí na scéimeanna náisiúnta cuí agus faoi réir an dlí baile, *inter alia*, cúnamh airgeadais agus cúiteamh airgeadais i leith íospartaigh sceimhlitheoireachta agus neasdaoine dá dteaghlach.

#### **Airteagal 14 – Dlíinse**

1 Déanfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun a dhlínse a bhunú maidir leis na cionta atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo:

a nuair is i gcríoch an Pháirtí sin a dhéantar an cion;

b nuair is ar bord loinge a bhfuil bratach an Pháirtí sin ar foluain aici, nó ar bord aerárthach arna chlárú faoi dhlíthe an Pháirtí a dhéantar an cion;

c nuair is náisiúnach de chuid an Pháirtí sin a dhéanann an cion.

2 Féadfaidh gach Páirtí a dhlínse a bhunú freisin maidir leis na cionta atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo:

a nuair a bhí an cion dírithe ar chion dá dtagraítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún seo a chur i gcrích, i gcríoch náisiúnach nó i gcoinne náisiúnach de chuid an Pháirtí sin, nó nuair a tharla an céanna de thoradh air;

b nuair a bhí an cion dírithe ar chion dá dtagraítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún seo a chur i gcrích, i gcoinne saoráid Stáit nó rialtais de chuid an Pháirtí sin thar lear, lena n-áirítear áitreabh taidhleoireachta nó consalachta de chuid an Pháirtí sin, nó nuair a tharla an céanna de thoradh air;

c nuair a bhí an cion dírithe ar chion dá dtagraítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún seo, arna dhéanamh mar iarracht chun iallach a chur ar an bPáirtí sin aon ghníomh a

dhéanamh nó staonadh ó aon ghníomh a dhéanamh, nó nuair a tharla an céanna de thoradh air;

d nuair is duine gan stát a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi i gcríoch an Pháirtí sin a dhéanann an cion;

e nuair is ar bord aerárthach atá á oibriú ag Rialtas an Pháirtí sin a dhéantar an cion.

- 3 Déanfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá chun a dhlínse a bhunú maidir leis na cionta atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo i gcás go bhfuil an ciontóir líomhnaithe i láthair ina chríoch agus nach ndéanann sé é nó í a eiseachadadh chuig Páirtí a bhfuil a dhlínse bunaithe ar riail dlínse atá i bhfeidhm go cothrom i ndlí an Pháirtí iarrtha.
- 4 Ní dhéantar aon dlínse choiriúil arna feidhmiú de réir an dlí náisiúnta a eisiamh leis an gCoinbhinsiún seo.
- 5 Nuair a éilíonn níos mó ná Páirtí amháin dlínse maidir le cion líomhnaithe atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo, rachaidh na Páirtithe a bheidh i gceist, más cuí, i gcomhairle lena chéile d'fhonn an dlínse is cuí ó thaobh ionchúisimh de a chinneadh.

#### **Airteagal 15 - Dualgas imscrúdaithe**

- 1 Ar fhaisnéis a fháil go bhféadfaidh duine a mbeidh cion déanta aige nó aici nó a líomhnaítear go ndearna sé nó sí cion atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo a bheith i láthair ina chríoch, déanfaidh an Páirtí lena mbaineann cibé bearta is gá faoina dhlí baile chun na fíorais atá san fhaisnéis a imscrúdú.
- 2 Déanfaidh an Páirtí a bhfuil an ciontóir nó an ciontóir líomhnaithe i láthair ina chríoch, ar a bheith deimhin dó gur chóir déanamh amhlaidh sna himthosca, na bearta cuí faoina dhlí baile chun a chinntiú go mbeidh an duine sin i láthair chun críche ionchúisimh nó eiseachadadh.
- 3 Aon duine ar ina leith atá na bearta dá dtagraítear i mír 2 á ndéanamh, beidh sé nó sí i dteideal:
  - a cumarsáid a dhéanamh gan mhoill leis an ionadaí cuí is gaire den Stát ar náisiúnach dá chuid an duine sin nó atá thairis sin i dteideal cearta an duine sin a chosaint nó, más duine gan stát an duine sin, den Stát a bhfuil gnáthchónaí ar an duine sin ina chríoch;
  - b cuairt a fháil ó ionadaí an Stáit sin;
  - c faisnéis a fháil faoi chearta an duine sin faoi fhomhíreanna a. agus b.
- 4 Feidhmeofar na cearta dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí ar ina chríoch atá an ciontóir nó an ciontóir líomhnaithe i láthair, faoi réir an choinníll gur gá go gcumasófar leis na dlíthe agus na rialacháin sin éifeacht iomlán a thabhairt do na cuspóirí ar lena n-aghaidh atá na cearta arna dtabhairt faoi mhír 3 beartaithe.
- 5 Ní dochar forálacha mhíreanna 3 agus 4 do cheart aon Pháirtí, a mbeidh éileamh ar dhlínse aige nó aici de réir Airteagal 14, míreanna 1.c agus 2.d, a iarraidh ar Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge cumarsáid a dhéanamh leis an gciontóir líomhnaithe agus cuairt a thabhairt air nó uirthi.

**Airteagal 16 – Gan feidhm a bheith ag an gCoinbhinsiún**

Ní bheidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo i gcás go ndéantar aon cheann de na cionta arna mbunú de réir Airteagail 5 go 7 agus 9 laistigh de Stát aonair, gur náisiúnach de chuid an Stáit sin an ciontóir líomhnaithe agus go bhfuil sé nó sí i láthair i gcríoch an Stáit sin, agus nach bhfuil bonn ag aon Stát eile faoi Airteagal 14, mír 1 nó 2, den Choinbhinsiún seo, chun dlínse a fheidhmiú, agus an tuiscint ann go mbeidh feidhm ag forálacha Airteagail 17 agus 20 go 22 den Choinbhinsiún seo, más cuí, sna cásanna sin.

**Airteagal 17 – Comhar idirnáisiúnta maidir le hábhair choiriúla**

- 1 Tabharfaidh Páirtithe an méid is mó cúnamh agus is féidir dá chéile i dtaca le himscrúduithe coiriúla nó le himeachtaí coiriúla nó eiseachadta i leith na gcionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo, lena n-áirítear cúnamh maidir le fianaise atá ina seilbh, agus atá riachtanach le haghaidh na n-imeachtaí, a fháil.
- 2 Cuirfidh Páirtithe a n-oibleagáidí faoi mhír 1 i gcrích i gcomhréir le haon chonarthaí nó comhaontuithe eile maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a bheidh i bhfeidhm eatarthu. D'uireasa na gconarthaí nó na gcomhaontuithe sin, tabharfaidh Páirtithe cúnamh dá chéile de réir a ndlí baile.
- 3 Comhoibreoidh Páirtithe le chéile a mhéid is féidir faoin dlí, faoi chonarthaí, faoi chomhaontuithe agus faoi shocrúithe iomchuí de chuid an Pháirtí iarrtha i leith imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí coiriúla i ndáil leis na cionta ar ina leith a fhéadfar eintiteas dlíthiúil a chur faoi dhliteanas de réir Airteagal 10 den Choinbhinsiún seo sa Pháirtí iarrthach.
- 4 Féadfaidh gach Páirtí breithniú a dhéanamh ar shásraí breise a bhunú chun faisnéis nó fianaise a roinnt le Páirtithe eile, is faisnéis nó fianaise a theastaíonn chun dliteanas coiriúil, sibhialta nó riaracháin a bhunú de bhun Airteagal 10.

**Airteagal 18 – Eiseachadadh nó ionchúiseamh a dhéanamh**

- 1 Beidh d'oibleagáid ar an bPáirtí ar ina chríoch atá an ciontóir líomhnaithe i láthair, nuair atá dlínse aige de réir Airteagal 14, mura ndéanann sé an duine sin a eiseachadadh, gan eisceacht ar bith agus cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an cion ina chríoch, an cás a chur faoi bhráid a údarás inniúil, gan mhoill mhíchú, chun críche ionchúisimh, trí imeachtaí de réir dhlíthe an Pháirtí sin. Tabharfaidh na húdaráis sin a mbreith ar an modh céanna amhail i gcás aon chion eile de chineál tromchúiseach faoi dhlí an Pháirtí sin.
- 2 Aon uair a cheadófar do Pháirtí faoina dhlí baile duine dá náisiúnaigh a eiseachadadh nó a thabhairt suas ar shlí eile ar an gcoinníoll amháin go dtabharfar an duine sin ar ais don Pháirtí sin chun an phianbhreith a chur isteach a bheidh forchurtha de thoradh na trialach nó an imeachta ar lorgaíodh eiseachadadh nó tabhairt suas an duine ina leith, agus a chomhaontóidh an Páirtí seo agus an Páirtí atá ag lorg eiseachadadh an duine leis an rogha sin agus le téarmaí eile a mheasfaidh siad a bheith cuí, is leor eiseachadadh coinníollach nó tabhairt suas choinníollach den sórt sin chun an oibleagáid atá leagtha amach i mír 1 a urscaoileadh.

**Airteagal 19 – Eiseachadadh**

- 1 Measfar na cionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo a bheith ar áireamh mar chionta ineiseachadta in aon chonradh eiseachadta atá i bhfeidhm idir aon cheann de na Páirtithe roimh theacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo. Gabhann

Páirtithe orthu féin na cionta sin a áireamh mar chionta ineiseachadta i ngach conradh eiseachadta a thabharfaidh siad i gcrích eatarthu ina dhiaidh sin.

- 2 Nuair a gheobhaidh Páirtí a chuirfidh de choinníoll le heiseachadadh conradh a bheith ann iarraidh ar eiseachadadh ó Pháirtí eile nach mbeidh aon chonradh eiseachadta aige leis, féadfaidh an Páirtí iarrtha, má thugann sé breith déanamh amhlaidh, a mheas gur bonn dlíthiúil an Coinbhinsiún seo le haghaidh eiseachadadh i leith na gcionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo. Beidh an t-eiseachadadh faoi réir na gcoinníollacha eile a fhoráiltear le dlí an Pháirtí iarrtha.
- 3 Déanfaidh Páirtithe nach gcuirfidh de choinníoll le heiseachadadh conradh a bheith ann na cionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo a aithint mar chionta ineiseachadta eatarthu féin, faoi réir na gcoinníollacha a fhoráiltear le dlí an Pháirtí iarrtha.
- 4 Más gá, pléifear leis na cionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo, chun críocha eiseachadadh idir Páirtithe, amhail is dá mba rud é go ndearnadh iad ní hamháin san áit ar tharla siad ach freisin i gcríoch na bPáirtithe a mbeidh dlínse bunaithe acu de réir Airteagal 14.
- 5 Maidir le forálacha na gconarthaí agus na gcomhaontuithe eiseachadta go léir arna dtabhairt i gcrích idir Páirtithe i leith cionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo, measfar iad a bheith modhnaithe amhail idir Páirtithe a mhéid a bheidh siad ar neamhréir leis an gCoinbhinsiún seo.

#### **Airteagal 20 – An clásal eisceachta pholaitiúil a eisiamh**

- 1 Ní mheasfar, maidir le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 5 go 7 agus 9 den Choinbhinsiún seo, chun críocha eiseachadadh nó cúnamh dlíthiúil frithpháirteach, gur cion polaitiúil é, gur cion atá bainteach le cion polaitiúil é, ná gur cion a bhfuil tucaidí polaitiúla leis é. Dá réir sin, ní ceadmhach iarraidh ar eiseachadadh nó ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a bheidh bunaithe ar chion den sórt sin a dhiúltú ar an bhforas amháin go bhfuil baint aici le cion polaitiúil nó le cion atá bainteach le cion polaitiúil nó le cion a bhfuil tucaidí polaitiúla leis.
- 2 Gan dochar d'fheidhm Airteagail 19 go 23 de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí an 23 Bealtaine 1969 i leith na nAirteagal eile den Choinbhinsiún seo, féadfaidh aon Stát nó an Comhphobal Eorpach, tráth an tsínithe nó nuair a bheidh a ionstraim daingniúcháin, glactha, ceadaithe nó aontachais de chuid an Choinbhinsiúin á taisceadh aige, a dhearbhu go bhforchoimeádas sé an ceart gan mír 1 den Airteagal seo a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann sé le heiseachadadh i leith cion atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo. Gabhann an Páirtí air féin an forchoimeádas seo a chur chun feidhme ar bhonn cáis ar chás, trí bhreith a bheidh réasúnaithe go cuí.
- 3 Féadfaidh aon Pháirtí forchoimeádas a bheidh déanta aige de réir mhír 2 a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach trí mheán dearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa agus a thiocfaidh in éifeacht amhail ón dáta a gheofar é.
- 4 Aon Pháirtí a mbeidh forchoimeádas déanta aige de réir mhír 2 den Airteagal seo, ní ceadmhach dó cur chun feidhme mhír 1 den Airteagal seo ag aon Pháirtí eile a éileamh; féadfaidh sé, áfach, más forchoimeádas páirteach nó coinníollach é, cur chun feidhme an airteagail seo a éileamh a mhéid a bheidh sé féin tar éis glacadh leis.



- 5 Beidh an forchoimeádas bailí go ceann tréimhse trí bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo i leith an Pháirtí lena mbaineann. Mar sin féin, féadfar an forchoimeádas sin a athnuachan go ceann tréimhsí den fhad céanna.
- 6 Dhá mhí dhéag roimh dháta éagtha an fhorchoimeádais, tabharfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa fógra maidir leis an éag sin don Pháirtí lena mbaineann. Tráth nach déanaí ná trí mhí roimh an éag, tabharfaidh an Páirtí fógra d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa á rá go bhfuil sé ag seasamh lena fhorchoimeádas, go bhfuil sé á leasú aige nó go bhfuil sé á tharraingt siar aige. I gcás go dtabharfaidh Páirtí fógra d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa á rá go bhfuil sé ag seasamh lena fhorchoimeádas, tabharfaidh sé míniú ar na forais lena gcuirtear bonn cirt faoina leanúint. D'uireasa fógra arna thabhairt ag an bPáirtí lena mbaineann, cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa in iúl don Pháirtí sin go meastar gur leathnaíodh a fhorchoimeádas go huathoibríoch go ceann tréimhse sé mhí. Má mhainníonn an Páirtí lena mbaineann fógra a thabhairt á rá go bhfuil ar intinn aige seasamh lena fhorchoimeádas nó é a mhodhnú roimh dhul in éag don tréimhse sin, cuirfear faoi deara an forchoimeádas do dhul i léig.
- 7 I gcás nach ndéanann Páirtí duine a eiseachadh i gcur chun feidhme an fhorchoimeádais seo, tar éis iarraidh ar eiseachadh a fháil ó Pháirtí eile, cuirfidh sé an cás, gan eisceacht ar bith agus gan mhoill mhíchúí, faoi bhráid a údarás inniúil chun críche ionchúisimh, mura gcomhaontóidh an Páirtí iarrthach agus an Páirtí iarrtha a mhalairt. Tabharfaidh na húdaráis inniúla, chun críche ionchúisimh sa Pháirtí iarrtha, a mbreith ar an modh céanna amhail i gcás aon chion de chineál tromchúiseach faoi dhlí an Pháirtí sin. Cuirfidh an Páirtí iarrtha, gan mhoill mhíchúí, toradh críochnaitheach na n-imeachtaí in iúl don Pháirtí iarrthach agus d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, agus cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa ar aghaidh chuig Comhchomhairliúchán na bPáirtithe dá bhforáiltear in Airteagal 30 é.
- 8 Cuirfear an bhreith chun an iarraidh ar eiseachadh a dhiúltú ar bhonn an fhorchoimeádais sin ar aghaidh go pras chuig an bPáirtí iarrthach. Más rud é, laistigh de thréimhse réasúnach, nach mbeidh aon bhreith bhreithiúnach i dtaobh na dtuillteanas tugtha sa Pháirtí iarrtha de réir mhír 7, féadfaidh an Páirtí iarrthach an méid sin a chur in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa agus cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an ní faoi bhráid Chomhchomhairliúchán na bPáirtithe dá bhforáiltear in Airteagal 30. Breithneoidh an Comhchomhairliúchán sin an ní agus eiseoidh sé tuairim i dtaobh an diúltú a bheith i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún agus cuirfidh sé faoi bhráid Choiste na nAirí é chun go n-eiseofar dearbhú ar an gcéanna. Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin mír seo, tiocfaidh Coiste na nAirí le chéile ina chomhdhéanamh a bheidh srianta do na Stáit is páirtithe.

#### **Airteagal 21 – Clásal maidir le hidirdhealú**

- 1 Ní léireofar aon ní sa Choinbhinsiún seo mar ní lena bhforchuirtear oibleagáid chun eiseachadh a dhéanamh nó chun cúnadh dlíthiúil frithpháirteach a thabhairt, má tá forais shubstaintiúla ag an bPáirtí iarrtha lena chreidiúint go ndearnadh an iarraidh ar eiseachadh mar gheall ar chionta atá leagtha amach in Airteagail 5 go 7 agus 9 nó ar chúnadh dlíthiúil frithpháirteach i leith na gcionta sin chun duine a ionchúiseamh nó a phionósú mar gheall ar chine, creideamh, náisiúntacht, bunadh eitneach nó tuairim pholaitiúil an duine sin nó go ndéanfaí dochar do sheasamh an duine sin ar aon cheann de na cúiseanna sin dá ndéanfaí de réir na hiarrata.
- 2 Ní léireofar aon ní sa Choinbhinsiún seo mar ní lena bhforchuirtear oibleagáid chun eiseachadh a dhéanamh má tá priacal ann go mbeidh an duine is ábhar don iarraidh ar eiseachadh faoi lé céastóireachta nó cóir nó pionós atá mídhanna nó táireach.



- 3 Ní léireofar aon ní sa Choinbhinsiún seo mar ní lena bhforchuirtear oibleagáid chun eiseachadadh a dhéanamh má tá priacal ann go mbeidh an duine is ábhar don iarraidh ar eiseachadadh faoi lé phionós an bháis nó, i gcás nach gceadófar príosúnacht saoil le dlí an Pháirtí iarrtha, príosúnacht saoil gan an fhéidearthacht parúil a bheith ann, mura rud é faoi chonarthaí infheidhme eiseachadta go mbeidh an Páirtí iarrtha faoin oibleagáid chun eiseachadadh a dhéanamh má thugann an Páirtí iarrthach cibé deimhneacht a mheasfaidh an Páirtí iarrtha a bheith leordhóthanach nach bhforchuirfear pionós an bháis nó, i gcás go bhforchuirfear é, nach gcuirfear i gcrích é, nó nach mbeidh an duine lena mbaineann faoi réir príosúnacht saoil gan an fhéidearthacht parúil a bheith ann.

#### **Article 22 – Faisnéis spontáineach**

- 1 Gan dochar dá n-imscrúduithe nó dá n-imeachtaí féin, féadfaidh údaráis inniúla Páirtí, gan iarraidh a fháil roimh ré, faisnéis arna fáil laistigh de chreat a n-imscrúduithe féin a chur ar aghaidh chuig údaráis inniúla Páirtí eile, nuair a mheasann siad go bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin cúnamh a thabhairt don Pháirtí a bheidh ag fáil na faisnéise imscrúduithe nó imeachtaí a thionscnamh nó a chur i gcrích, nó go bhféadfadh iarraidh ón bPáirtí sin faoin gCoinbhinsiún seo teacht as sin.
- 2 Féadfaidh an Páirtí a bheidh ag soláthar na faisnéise, de bhun a dhlí náisiúnta, coinníollacha a fhorchur ar úsáid na faisnéise sin ag an bPáirtí a bheidh ag fáil na faisnéise.
- 3 Beidh an Páirtí a bheidh ag fáil na faisnéise faoi cheangal ag na coinníollacha sin.
- 4 Mar sin féin, féadfaidh aon Pháirtí, aon tráth, trí mheán dearbhú arna dhíriú chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a dhearbhu go bhforchoimeádan sé an ceart gan bheith faoi cheangal ag na coinníollacha arna bhforchur ag an bPáirtí a bheidh ag soláthar na faisnéise faoi mhír 2 thuas, mura rud é go bhfaighidh sé fógra roimh ré maidir le cineál na faisnéise a bheidh le soláthar agus go gcomhaontóidh sé lena tarchur.

#### **Airteagal 23 – Síniú agus teacht i bhfeidhm**

- 1 Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt lena shíniú ag Ballstáit Chomhairle na hEorpa, ag an gComhphobal Eorpach agus ag Stáit nach Ballstáit a bhí rannpháirteach ina mhionléiriú.
- 2 Tá an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a cheadaithe. Taiscfear ionstraimí daingniúcháin, glactha nó ceadaithe le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.
- 3 Tiofadh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse trí mhí do dhul in éag tar éis an dáta a léireoidh sé Shíniú, lena n-áirítear ceithre Bhallstát ar a laghad de Chomhairle na hEorpa, go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún de réir fhorálacha mhír 2.
- 4 Maidir le haon Síniú a léireoidh ina dhiaidh sin go dtoilíonn sé a bheith faoi cheangal aige, tiofadh an Coinbhinsiún i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse trí mhí do dhul in éag tar éis an dáta a léireoidh sé go dtoilíonn sé a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún de réir fhorálacha mhír 2.

#### **Airteagal 24 – Aontachas leis an gCoinbhinsiún**

- 1 Tar éis theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo, féadfaidh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe sa Choinbhinsiún agus toiliú d'aon toil a fháil uathu, a iarraidh ar aon Stát nach ball de Chomhairle na hEorpa agus nach raibh rannpháirteach ina mhionléiriú aontú leis an gCoinbhinsiún seo. Is leis an tromlach dá

Sc.2 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

bhforáiltear in Airteagal 20.d de Reacht Chomhairle na hEorpa agus le vóta d'aon toil na n-ionadaithe de chuid na bPáirtithe a bheidh i dteideal suí ar Choiste na nAirí a thabharfar an bhreith.

2 Maidir le haon Stát a aontóidh leis an gCoinbhinsiún faoi mhír 1 thuas, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse trí mhí do dhul in éag tar éis an dáta a thaiscfear an ionstraim aontachais le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

#### **Airteagal 25 – Feidhm maidir le críocha**

1 Féadfaidh aon Stát nó an Comhphobal Eorpach, tráth an tsínithe nó nuair a bheidh a ionstraim daingniúcháin, glactha, ceadaithe nó aontachais á taisceadh aige, an chríoch nó na críocha lena mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo a shonrú.

2 Féadfaidh aon Pháirtí, aon dáta is déanaí ná sin, trí dhearbhu a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, feidhm an Choinbhinsiúin seo a leathnú chuig aon chríoch eile a bheidh sonraithe sa dearbhú. Maidir le críoch den sórt sin, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse trí mhí do dhul in éag tar éis an dáta a gheobhaidh an tArd-Rúnaí an dearbhú.

3 Féadfar aon dearbhú arna dhéanamh faoin dá mhír roimhe seo a tharraingt siar, i leith aon chríoch a bheidh sonraithe sa dearbhú sin, le fógra a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa. Tiocfaidh an tarraingt siar in éifeacht an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse trí mhí do dhul in éag tar éis an dáta a gheobhaidh an tArd-Rúnaí an fógra sin.

#### **Airteagal 26 – Éifeachtaí an Choinbhinsiúin**

1 Déanann an Coinbhinsiún seo conarthaí nó comhaontuithe infheidhme iltaobhacha nó déthaobhacha idir na Páirtithe a fhorlónadh, lena n-áirítear forálacha na gconarthaí seo a leanas de chuid Chomhairle na hEorpa:

- An Coinbhinsiún Eorpach um Eiseachadadh, arna oscailt lena shíniú i bPáras, an 13 Nollaig 1957 (ETS Uimh. 24);
- An Coinbhinsiún Eorpach um Chúnadh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla, arna oscailt lena shíniú in Strasbourg, an 20 Aibreán 1959 (ETS Uimh. 30);
- An Coinbhinsiún Eorpach chun Sceimhlíú a Dhíchur, arna oscailt lena shíniú in Strasbourg, an 27 Eanáir 1977 (ETS Uimh. 90);
- An Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chúnadh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla, arna oscailt lena shíniú in Strasbourg, an 17 Márta 1978 (ETS Uimh. 99);
- An Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chúnadh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla, arna oscailt lena shíniú in Strasbourg, an 8 Samhain 2001 (ETS Uimh. 182);
- An Prótacal ag leasú an Choinbhinsiúin Eorpaigh chun Sceimhlíú a Dhíchur, arna oscailt lena shíniú in Strasbourg, an 15 Bealtaine 2003 (ETS Uimh. 190).

2 Más rud é go mbeidh comhaontú nó conradh tugtha i gcrích cheana ag dhá Pháirtí nó níos mó maidir leis na nithe a bpléitear leo sa Choinbhinsiún seo nó go mbeidh a gcaidreamh bunaithe acu ar shlí eile i dtaca leis na nithe sin, nó go ndéanfaidh siad amhlaidh sa todhchaí,

beidh siad i dteideal freisin an comhaontú nó an Conradh sin a chur chun feidhme nó an caidreamh sin a rialáil dá réir sin. Mar sin féin, i gcás go mbunóidh Páirtithe a gcaidreamh i leith na nithe a bpléitear leo sa Choinbhinsiún seo ar shlí seachas mar a rialáiltear ann iad, déanfaidh siad amhlaidh ar mhodh nach mbeidh ar neamhréir le cuspóirí agus prionsabail an Choinbhinsiúin.

- 3 Cuirfidh Páirtithe is baill den Aontas Eorpach, ina gcaidreamh frithpháirteach, rialacha de chuid an Chomhphobail agus an Aontais Eorpaigh chun feidhme, a mhéid is ann do rialacha de chuid an Chomhphobail nó an Aontais Eorpaigh lena rialáitear an t-ábhar áirithe lena mbaineann agus is infheidhme maidir leis an gcás sonrach, gan dochar do chuspóir agus do chríoch an Choinbhinsiúin seo agus gan dochar dá fheidhm iomlán maidir le Páirtithe eile.
- 4 Ní dhéanfaidh aon ní sa Choinbhinsiún seo difear do chearta, d'oibleagáidí agus do fhreagrachtaí eile Páirtí agus pearsana aonair faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonchairdiúil idirnáisiúnta.
- 5 Maidir le gníomhaíochtaí fórsaí armtha le linn coinbhleacht armtha, mar a thuigtear na téarmaí sin faoin dlí daonchairdiúil idirnáisiúnta, a rialáitear leis an dlí sin, ní dhéantar iad a rialáil leis an gCoinbhinsiún seo, agus maidir leis na gníomhaíochtaí arna ngabháil de lámh ag fórsaí míleata de chuid Páirtí i bhfeidhmiú a ndualgas oifigiúil, a mhéid a dhéantar iad a rialáil le rialacha eile den dlí idirnáisiúnta, ní dhéantar iad a rialáil leis an gCoinbhinsiún seo.

#### **Airteagal 27 – Leasuithe ar an gCoinbhinsiún**

- 1 Maidir le leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo, féadfaidh aon Pháirtí, Coiste Airí Chomhairle na hEorpa nó Comhchomhairliúchán na bPáirtithe iad a mholadh.
- 2 Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa aon togra le haghaidh leasú in iúl do na Páirtithe.
- 3 Ina theannta sin, cuirfear aon leasú arna mholadh ag Páirtí nó Coiste na nAirí in iúl do Chomhchomhairliúchán na bPáirtithe, agus cuirfidh Comhchomhairliúchán na bPáirtithe a thuairim i dtaobh an leasaithe a mholtar faoi bhráid Choiste na nAirí.
- 4 Breithneoidh Coiste na nAirí an leasú a mholtar agus aon tuairim arna cur faoina bhráid ag Comhchomhairliúchán na bPáirtithe agus féadfaidh sé an leasú a cheadú.
- 5 Cuirfear téacs aon leasaithe arna cheadú ag Coiste na nAirí de réir mhír 4 ar aghaidh chuig na Páirtithe lena ghlacadh.
- 6 Aon leasú arna cheadú de réir mhír 4, tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an tríochadú lá tar éis do na Páirtithe go léir a chur in iúl don Ard-Rúnaí go bhfuil siad ag glacadh leis sin.

#### **Airteagal 28 – An Fhoscríbhinn a athbhreithniú**

- 1 Chun liosta na gconarthaí san Fhoscríbhinn a nuashonrú, féadfaidh aon Pháirtí nó Coiste na nAirí leasuithe a mholadh. Ní bhainfidh na tograí seo le haghaidh leasú ach le conarthaí uilechoiteanna arna dtabhairt i gcrích laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe lena bpléitear go sonrach leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus a bheidh tar éis teacht i bhfeidhm. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa in iúl do na Páirtithe iad.
- 2 Tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe nach baill, féadfaidh Coiste na nAirí leasú molta a ghlacadh leis an tromlach dá bhforáiltear in Airteagal 20.d de Reacht Chomhairle na

hEorpa. Tiocfaidh an leasú i bhfeidhm i ndiaidh tréimhse aon bhliana do dhul in éag tar éis an dáta a bheidh sé curtha ar aghaidh chuig na Páirtithe. Le linn na tréimhse sin, féadfaidh aon Pháirtí fógra a thabhairt d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa maidir le haon agóid in aghaidh theacht i bhfeidhm an leasaithe i leith an Pháirtí sin.

- 3 Má thugann aon trian de na Páirtithe fógra d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa maidir le hagóid in aghaidh theacht i bhfeidhm an leasaithe, ní thiocfaidh an leasú i bhfeidhm.
- 4 Má thugann líon is lú ná aon trian de na Páirtithe fógra maidir le hagóid, tiocfaidh an leasú i bhfeidhm i leith na bPáirtithe sin nach mbeidh fógra tugtha acu maidir le hagóid.
- 5 A luaithe a bheidh leasú tagtha i bhfeidhm de réir mhír 2 agus a bheidh fógra tugtha ag Páirtí maidir le hagóid ina aghaidh, tiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm i leith an Pháirtí lena mbaineann ar an gcéad lá den mhí tar éis an dáta a thabharfaidh sé fógra d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa á rá go bhfuil sé ag glacadh leis.

#### **Airteagal 29 - Díospóidí a réiteach**

I gcás díospóid idir Páirtithe maidir le léiriú nó le feidhm an Choinbhinsiúin seo, lorgóidh siad réiteach ar an díospóid trí chaibidlíocht nó trí aon mhodh síochánta eile dá rogha féin, lena n-áirítear an díospóid a chur faoi bhráid binse eadrána a mbeidh a bhreitheanna ina gceangal ar na Páirtithe sa díospóid, nó na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta, de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe lena mbaineann.

#### **Airteagal 30 - Comhchomhairliúchán na bPáirtithe**

- 1 Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile go tréimhsiúil d'fhonn:
  - a tograí a dhéanamh chun úsáid agus cur i ngníomh éifeachtach an Choinbhinsiúin seo a éascú nó a fheabhsú, lena n-áirítear aon fhadhbanna agus éifeachtaí aon dearbhaithe arna dhéanamh faoin gCoinbhinsiún seo a aithint;
  - b a dtuairim a fhoirmlíú i dtaobh diúltú eiseachadadh a dhéanamh, a tharchuirtear chucu de réir Airteagal 20, mír 8, a bheith i gcomhréir;
  - c tograí a dhéanamh chun an Coinbhinsiún seo a leasú de réir Airteagal 27;
  - d a dtuairim a fhoirmlíú i dtaobh aon togra chun an Coinbhinsiún seo a leasú, a tharchuirtear chucu de réir Airteagal 27, mír 3;
  - e tuairim a nochtadh i dtaobh aon cheist i dtaca le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo agus éascú a dhéanamh maidir le faisnéis a mhalartú i dtaobh forbairtí dlíthiúla, beartais nó teicneolaíochta atá suntasach.
- 2 Déanfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa Comhchomhairliúchán na bPáirtithe a chomóradh aon uair a chinnfidh sé nó sí gur gá sin agus in aon chás nuair a iarrfaidh tromlach na bPáirtithe nó Coiste na nAirí é a chomóradh.
- 3 Tabharfaidh Rúnaíocht Chomhairle na hEorpa cúnadh do na Páirtithe le linn a bhfeidhmeanna a chur i gcrích de bhun an airteagail seo.

#### **Airteagal 31 – Séanadh**

- 1 Féadfaidh aon Pháirtí, aon tráth, an Coinbhinsiún seo a shéanadh trí mheán fógra a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

- 2 Tíocfaidh an séanadh sin in éifeacht an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse trí mhí do dhul in éag tar éis an dáta a gheobhaidh an tArd-Rúnaí an fógra.

**Airteagal 32 – Fógra**

Tabharfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa fógra do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, don Chomhphobal Eorpach, do na Stáit nach Ballstáit a bhí rannpháirteach i mionléiriú an Choinbhinsiúin seo mar aon le haon Stát a d'aontaigh, nó ar iarradh air aontú, leis an gCoinbhinsiún seo maidir leis an méid seo a leanas:

- a aon síniú;
- b taisceadh aon ionstraime daingniúcháin, glactha, ceadaithe nó aontachais;
- c aon dáta a thíocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm de réir Airteagal 23;
- d aon dearbhú arna dhéanamh faoi Airteagal 1, mír 2, 22, mír 4, agus 25;
- e aon ghníomh, fógra nó cumarsáid eile a bhaineann leis an gCoinbhinsiún seo.

Dá fhianú sin, tá na daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Coinbhinsiúin seo a shíniú.

Arna dhéanamh i Vársá, an 16ú lá seo de Bhealtaine 2005, sa Bhéarla agus sa Fhraincis, agus comhúdarás ag gach téacs acu, in aon chóip amháin a thaiscfear i gcartlann Chomhairle na hEorpa. Tarchuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe chuig gach Ballstát de Chomhairle na hEorpa, chuig an gComhphobal Eorpach, chuig na Stáit nach Ballstáit a bhí rannpháirteach i mionléiriú an Choinbhinsiúin seo, agus chuig aon Stát ar iarradh air aontú leis.

FOSCRÍBHINN

- 1 An Coinbhinsiún chun Cosc a chur le hUrghabháil Neamhdhleathach Aerárthach, arna shíniú sa Háig, an 16 Nollaig 1970;
- 2 An Coinbhinsiún chun Cosc a chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha in aghaidh Shábháilteacht na hEitlíochta Sibhialta, arna thabhairt i gcrích in Montréal, an 23 Meán Fómhair 1971;
- 3 An Coinbhinsiún maidir le Cesc agus Pionósú Coireanna in aghaidh Daoine atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta, lena n-áirítear Gníomhairí Taidhleoireachta, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac, an 14 Nollaig 1973;
- 4 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta in aghaidh Gialla a Thógáil, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac, an 17 Nollaig 1979;
- 5 An Coinbhinsiún um Chosaint Fhisiceach Ábhair Núicléach, arna ghlacadh i Vín, an 3 Márta 1980;
- 6 An Prótacal maidir le Cosc a Chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha Foréigin in Aerfoirt a Fhónann don Eitlíocht Sibhialta Idirnáisiúnta, arna dhéanamh in Montréal, an 24 Feabhra 1988;
- 7 An Coinbhinsiún maidir le Cosc a Chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha in aghaidh Shábháilteacht na Loingseoireachta Muirí, arna dhéanamh sa Róimh, an 10 Márta 1988;

Sc.2 [Uimh. 17.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2015* [2015.]

- 8 An Prótacal maidir le Cosc a Chur le Gnómartha Neamhdhleathacha in aghaidh Sábháilteachta Ardán Fosaídh atá Suite ar an Scairbh Ilchríochach, arna dhéanamh sa Róimh, an 10 Márta 1988;
- 9 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Buamáil Sceimhlitheoireachta a Dhíchur, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac, an 15 Nollaig 1997;
- 10 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Dhíchur, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac, an 9 Nollaig 1999;
- 11 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cosc a Chur le Gnómartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac, an 13 Aibreán 2005.”.